Feirmeacha gaoithe sna Déise

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi fheirmeacha gaoithe atá le tógáil i bPort Láirge. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí iarracht Gaeilge a chur ar na focail seo:

1. *furious* _____
2. *proposed* _____
3. *wind turbines* _____
4. *action group* _____
5. *consultation* _____
6. *reputation* _____
7. *behind* _____
8. *continuous noise* _____
9. *proposal* _____
10. *frustration* _____
11. *worried* _____

Anois, féach ar an tuairisc agus aimsigh an leagan Gaeilge de na focail thuas inti.

Ceist 2

A. Féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht gach a raibh inti a insint don duine in aice leat. Éist leis an duine sin ansin nuair a dhéanfaidh siadsan cur síos duitse.

B. Scríobhaigí achoimre ghearr ar an mír anois.

Ceist 3 Féach ar an mír arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cén áit go díreach a bhfuil sé i gceist an fheirm ghaoithe a thógáil?
2. Cén fáth a bhfuil cáil mhór ar Ghaeltacht na nDéise?
3. Cé chomh hard is a bheadh na tuirbíní seo?
4. Cén lá, cén áit agus cén t-am a mbeidh an cruinniú ar siúl?

Ceist 4 Port Láirge

1. Cé as tú féin ó dhúchas?
2. Scríobh síos an cúige arb as duit agus na contaetha ar fad atá sa chúige sin.

3. Cad iad na leaganacha eile atá ar eolas agat chun ‘cé as duit’ a rá?

Ceist 5 An t-iolra

Cén t-iolra atá ag na hainmfhocail agus ag na haidiachtaí seo. Bhí siad le cloisteáil sa mhír:

- feirm ghaoithe
- tuirbín gaoithe
- duine
- rud mór millteach
- rud deas
- teach
- ceist

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. Cad iad na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le feirmeacha gaoithe?
2. Dá dtógfaí feirm ghaoithe taobh thiar den áit a bhfuil tú i do chónaí, conas mar a mhothófá?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1.	*furious*	*ar buile*
2.	*proposed*	*beartaithe*
3.	*wind turbines*	*tuirbíní gaoithe*
4.	*action group*	*grúpa gníomhaíochta*
5.	*consultation*	*comhairliúchán*
6.	*reputation*	*cáil*
7.	*behind*	*taobh thiar de*
8.	*continuous noise*	*fuaim leanúnach*
9.	*proposal*	*togra*
10.	*frustration*	*frustrachas*
11.	*worried*	*buartha, imníoch*

Ceist 2

A. Iarr ar gach beirt achoimre a dhéanamh ar an mír os ard dá chéile.
B. Abair leo ansin an achoimre a scríobh amach

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Cúige Chonnacht	Cúige Mumhan
1. Contae na Gaillimhe 2. Contae Liatroma 3. Contae Mhaigh Eo 4. Contae Ros Comáin 5. Contae Shligigh	6. Contae Chiarraí 7. Contae an Chláir 8. Contae Chorcaí 9. Contae Luimnigh 10. Contae Phort Láirge 11. Contae Thiobraid Árann
Cúige Laighean	**Cúige Uladh**
12. Contae Bhaile Átha Cliath 13. Contae Cheatharlach 14. Contae Chill Chainnigh 15. Contae Chill Dara 16. Contae Chill Mhantáin 17. Contae na hIarmhí 18. Contae Laoise 19. Contae Loch Garman 20. Contae an Longfoirt 21. Contae Lú 22. Contae na Mí 23. Contae Uíbh Fhailí	24. Contae Aontroma 25. Contae Ard Mhacha 26. Contae an Chabháin 27. Contae Dhoire 28. Contae an Dúin 29. Contae Dhún na nGall 30. Contae Fhear Manach 31. Contae Mhuineacháin 32. Contae Thír Eoghain

- Cé as duit?
- Cad as duit?
- Cárb as duit?
- Cárb as tú?
- Cé as thú?

Ceist 5
feirm ghaoithe – feirmeacha gaoithe
tuirbín gaoithe – tuirbíní gaoithe
duine – daoine
rud mór millteach – rudaí móra millteacha
rud deas – rudaí deasa
teach – tithe
ceist – ceisteanna

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearáilt
Anois, tá an pobal i nGaeltacht na nDéise ar buile go bhfuil sé beartaithe feirmeacha gaoithe a thógáil sa cheantar sin. Tuigtear go bhfuil sé i gceist tuirbíní gaoithe a thógáil idir an Seanphobal, an Rinn agus Aird Mhór in iarthar Phort Láirge. Deir an grúpa gníomhaíochta[1] *Seas le Chéile, Seas go hArd* nach bhfuil mórán eolais ná comhairliúchán faighte acu faoin togra, agus go bhfuil imní ar dhaoine go ndéanfar díobháil mhillteanach don dúthaigh[2].

Marian O'Flaherty
Ta imní ar mhuintir na háite anseo sa Rinn, i nGaeltacht na nDéise i bPort Láirge de bharr go bhfuil sé i gceist tuirbíní gaoithe a thógáil sa dúthaigh. Tá cáil mhór ar an nGaeltacht anseo, go mór mór mar gheall ar an iarracht atá muintir an cheantair á déanamh chun an Ghaelainn a chur chun cinn. Agus, tagann na mílte scoláirí anseo chun Gaelainn a fhoghlaim. Ach anois, tuigtear go bhfuil sé beartaithe ag comhlacht ón nGearmáin, roinnt tuirbíní gaoithe a thógáil anseo – idir Aird Mhór, an Seanphobal agus an Rinn. Agus tá muintir na háite ar buile faoi.

Irial Mac Murchú, Conaitheoir
Is rudaí móra millteacha iad na tuirbíní gaoithe seo, céad ochtó méadar ar airde, sin caoga faoin gcéad níos airde ná *an spire* ar Shráid Uí Chonaill i mBaile Átha Cliath. Is iad tógtha na céadta méadar taobh thiar de thithe na ndaoine atá i gceist sa chás seo. Anois, is rudaí móra coincréite agus cruach iad seo. Ní rudaí deasa iad. Tá siad róghairid do na tithe agus tá fuaim leanúnach mar a bheadh héileacaptar i do chúlghairdín, ceithre uair fichid in aghaidh an lae.

Marian O'Flaherty
Bunaíodh grúpa áitiúil, chun cur in aghaidh an togra, as an bhfrustrachas a bhí ar mhuintir na háite.

An Comhairleoir Conor D. McGuinness, Sinn Féin, Port Láirge
Tá easpa eolais i gceist anseo. Tá ceisteanna ag daoine agus níl aon eolas ag teacht chucu. *So*, beidh cruinniú an tseachtain seo chugainn chun é seo a phlé. Tá cruinniú eagraithe ag roinnt daoine sa phobal atá buartha agus imníoch mar gheall air seo. Tá sé ag tarlú ar an gCéadaoin ag a hocht a chlog. Dé Céadaoin seo chugainn, an naoú lá, i halla pobail na Rinne.

Marian O'Flaherty, Nuacht TG4, An Rinn i nGaeltacht na nDéise.

[1] *gnímh* a dúradh
[2] *dúiche* an leagan caighdeánach